

## Clár

1.	Cé a íocann Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)?	3
2.	Cén chaoi a mbeidh a fhios agam má tá mé fostaithe nó féinfhostaithe?	3
3.	Céard iad na sochair leasa shóisialaigh atá á gclúdach ag m'íocaíocht ÁSPC?	4
4.	Cén tionchar a imreofar ar mo ÁSPC agus sochair leasa shóisialaigh má bhím fostaithe ag mo chéile nó mo pháirtnéir sibhialta?	5
5.	Cén tionchar a imreofar ar mo ranníocaíochtaí ÁSPC agus ar mo chuid cánach má tá gnólacht á reáchtáil ag mo chéile/mo pháirtnéir sibhialta agus agam féin i gcomhpháirtíocht le chéile?	7
6.	Conas a dhéanann an Roinn nó na Coimisinéirí loncaim cinneadh go bhfuil mé ag obair le mo chéile nó mo pháirtnéir sibhialta i gcomhpháirtíocht?	8
7.	Conas a chomhlíonfaidh mé mo dhualgais chánach agus ÁSPC i gcomhpháirtíocht?	9
8.	Conas a chruthóidh mé don Roinn go raibh mé i gcomhpháirtíocht i mblianta roimhe seo?	9
9.	Céard a tharlóidh má tá mé ag iarraidh achomharc a dhéanamh ar chinneadh faoi stádas comhpháirtíochta?	11
10.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	12

Iúil 2014

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí le d'ionad áitiúil de chuid Intreo, an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 12 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.



## 1. Cé a íocann Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)?

Is gnách go n-íocann tú ÁSPC má tá tú idir 16 agus 65 bliain d'aois agus má tá tú:

- i d'fhostaí, nó
- féinhostaithe agus ag tuilleamh ioncam iomlán ar luach €5,000 nó níos mó in aghaidh na bliana.

Má íocann tú ÁSPC, bíonn tú clúdaithe le haghaidh réimse de shochair agus de phinsin árachais shóisialta.

## 2. Cén chaoi a mbeidh a fhios agam má tá mé fostaithe nó féinhostaithe?

Braitheann do stádas mar dhuine fostaithe nó féinhostaithe ar fhírí an tsocraithe oibre ar leith atá agat.

Ar mhaithe le soiléiriú a dhéanamh ar an difríocht idir a bheith fostaithe agus féinhostaithe, tá an Grúpa Stádas Fostaíochta (a bunaíodh faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime) tar éis **Cód Cleachtais a fhoilsiú chun stádas Fostaíochta nó Féinhostaíochta daoine ar leith a mheas.**

### 3. Céard iad na sochair leasa shóisialaigh atá á gclúdach ag m'íocaíocht ÁSPC?

Braitheann na cineálacha sochar agus pinsean ar féidir leat cáiliú dóibh, ar an aicme ÁSPC a bhíonn á híoc agat. Ar an mórchuid, íocann fostaithe ÁSPC in Aicme A agus bíonn sé á íoc ag daoine féinfhostaithe in Aicme S. Seo a leanas na sochair atá á gclúdach i ngach aicme.

#### **Sochair agus pinsin leasa shóisialaigh faoi ÁSPC Aicme A**

- Pinsean Stáit (Eatramhach)
- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)
- Pinsean Easláine
- Sochair Dhíobhálacha Ceirde
- Sochar Cóireála (Déadach nó Optúil)
- Sochar Cuardaitheora Poist
- Sochar Breoiteachta
- Sochar Cúramóra
- Sochar Máithreachais
- Sochar Uchtaíoch
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta

#### **Sochair agus pinsin leasa shóisialaigh faoi ÁSPC Aicme S**

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)

- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)
- Sochar Máithreachais
- Sochar Uchtaíoch

## 4. Cén tionchar a imreofar ar mo ÁSPC agus sochair leasa shóisialaigh má bhím fostaithe ag mo chéile nó mo pháirtneír sibhialta?

Déantar cur síos sa tábla thíos agus ar leathanach 6, ar na foirmeacha difriúla fostaíochta agus ar an gcaoi a mbíonn tionchar acu ar do chlúdach le haghaidh sochair agus pinsin leasa shóisialaigh.

<b>Socrú fostaíochta</b>		<b>Clúdach leasa shóisialaigh mar gheall ar an socrú</b>
1.	Is trádálaí aonair é/í do chéile nó do pháirtneír sibhialta agus tá tú fostaithe aige/aici	Ní hann dó
2.	Bíonn tú ag cabhrú le do chéile nó do pháirtneír sibhialta féinfhostaithe, ach ní comhpháirtí sa ghnólacht thú	Beidh tú clúdaithe faoi ÁSPC Aicme S.

3.	Bíonn tú ag obair mar fhostaí do chomhpháirtíocht ina bhfuil do chéile nó do pháirtneír sibhialta mar chomhpháirtí	Beidh tú clúdaithe faoi ÁSPC Aicme A.  Is é an fáth atá leis seo ná go bhfuil do chaidreamh fostaíochta leis an gcomhpháirtíocht mar ghnólacht, agus ní le do chéile ná do pháirtneír sibhialta.
4.	Cuireann tú seirbhís ar fáil mar dhuine féinfhostaithe do chomhpháirtíocht ina bhfuil do chéile nó do pháirtneír sibhialta mar chomhpháirtí	Beidh tú clúdaithe faoi ÁSPC Aicme S.  Is é an fáth atá leis seo ná go bhfuil do chaidreamh leis an gcomhpháirtíocht mar ghnólacht, agus ní le do chéile ná do pháirtneír sibhialta.
5.	Bíonn tú ag obair mar fhostaí do chuideachta theoranta ina bhfuil do chéile nó do pháirtneír sibhialta mar scairshealbhóir	Beidh tú clúdaithe faoi ÁSPC Aicme A.  Is é an fáth atá leis seo ná go bhfuil do chaidreamh fostaíochta leis an gcuideachta theoranta, agus ní le do chéile ná do pháirtneír sibhialta.
6.	Cuireann tú seirbhís ar fáil mar dhuine féinfhostaithe do chuideachta theoranta ina bhfuil do chéile nó do pháirtneír sibhialta mar scairshealbhóir	Beidh tú clúdaithe faoi ÁSPC Aicme S.  Is é an fáth atá leis seo ná go bhfuil do chaidreamh leis an gcuideachta theoranta mar ghnólacht, agus ní le do chéile ná do pháirtneír sibhialta.

### Tabhair do d'aire

Má tá do shocrú oibre i gCatagóir 1 (ar leathanach 5), d'fhéadfá a bheith cáilithe chun Ranníocaíochtaí Deonacha a íoc, chun tú a chumhdach le haghaidh pinsin. Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar SW 8 ag [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Má tá tuilleadh eolais uait ar inárachaitheacht céilí nó páirtnéirí sibhialta, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 5. Cén tionchar a imreofar ar mo ranníocaíochtaí ÁSPC agus ar mo chuid cánach má tá gnólacht á reáchtáil ag mo chéile/mo pháirtnéir sibhialta agusagam féin i gcomhpháirtíocht le chéile?

### ÁSPC

Má roinneann tú féin agus do chéile/do pháirtnéir sibhialta an brabús ó bhur ngnólacht, íocfaidh sibh beirt ÁSPC Aicme S mar ranníocóirí féinhostaithe, a fhad is go bhfuil ioncam agaibh ar luach €5,000 nó níos mó an duine, in aghaidh na bliana ó gach foinsé.

### Cáin

Ar an gcéad dul síos, ba cheart go mbeadh an chomhpháirtíocht arna haithint ag na Coimisinéirí Ioncaim agus cláraithe le haghaidh na gcánacha bainteacha go léir (féach ar leathanach 9). Nuair a bhíonn tú ag obair le do chéile nó do pháirtnéir sibhialta i gcomhpháirtíocht ghnó, is gá tuairisceáin chánach a dhéanamh faoi chóras féinmheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim (do dhaoine féinhostaithe). Is gá go mbeadh ioncam comhpháirtíochta na beirte á léiriú sna tuairisceáin chánach seo, ionas gur féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a ríomh go cruinn.

## 6. Conas a dhéanann an Roinn nó na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh go bhfuil mé ag obair le mo chéile nó mo pháirtnéir sibhialta i gcomhpháirtíocht?

Úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim na fachtóirí seo a leanas le cinneadh an bhfuil comhpháirtíocht ann go normalach:

- tá comhaontú comhpháirtíochta scríofa ann (níl gá le comhaontú scríofa de réir an dlí, áfach);
- scríobhann gach páirtí seiceanna ar chuntais an ghnólachta ina c(h)eart féin;
- tá comhchuntas gnólachta ann;
- tá sé soiléir dóibh siúd a bhíonn i mbun gnó leis an gcomhpháirtíocht gurb ann don chomhpháirtíocht;
- bíonn cuntais agus gníomhaíochtaí an ghnólachta in ainm na beirte comhpháirtithe;
- déanann gach comhpháirtí cion oibre suntasach do reáchtáil an ghnólachta;
- tá an gnólacht faoi chomhúinéireacht ag an gcomhpháirtíocht;
- roinntear brabús agus cailteanais na comhpháirtíochta idir an bheirt chomhpháirtithe;
- tá an chomhpháirtíocht le sonrú ar pháipéarachas an ghnólachta.

Ba cheart go mbeadh cuid de na critéir ghinearálta sin á gcomhlíonadh agat má tá tú ag maíomh go bhfuil tú i gcomhpháirtíocht le do chéile nó do pháirtnéir sibhialta. Mura bhfuil tú in ann é seo a dhéanamh, ní ghlacfar leis go bhfuil tú i gcomhpháirtíocht ghnó.



## 7. Conas a chomhlíonfaidh mé mo dhualgais chánach agus ÁSPC i gcomhpháirtíocht?

- Ar an gcéad dul síos, cláraigh leis an Oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, trí fhoirm chlárúcháin **TR1** a chomhlánú.
- Ar an dara dul síos, cinntigh go mbíonn tú 'ag íoc agus ag comhdú' - íoc cáin, ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Sláinte agus comhdaigh do thuairisceán cáin ioncaim faoi 31 Deireadh Fómhair gach bliain - faoi chóras féinmheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Cuimhnigh go bhféadfadh torthaí a bheith ar dhul i gcomhpháirtíocht le do chéile nó do pháirtnéir sibhialta, nó le duine ar bith eile, seachas na torthaí a bhainfeadh le cáin nó ÁSPC. Bíonn sé tábhachtach comhairle a fháil ó dhuine gairmiúil dlíthiúil agus ó dhuine gairmiúil cánach, sula ndéanann tú socruithe foirmiúla.**

## 8. Conas a chruthóidh mé don Roinn go raibh mé i gcomhpháirtíocht i mblianta roimhe seo?

Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an Rannóg Scóipe ag an seoladh ar leathanach 12, má chreideann tú go raibh tú i gcomhpháirtíocht i mblianta eile. Cuirfidh Cigire Leasa Shóisialaigh tú féin agus do chéile nó do pháirtnéir sibhialta faoi agallamh, déanfaidh sé/sí scrúdú ar dhoiciméid bhainteacha ar bith atá agaibh, agus déanfaidh sé/sí tuairisciú ar do chás chuig an Rannóg Scóipe.

I bhfianaise thuairisc an Chigire agus na critéir atá liostaithe ar leathanach 8, d'fhéadfadh Oifigeach Breithiúnachta beartú:

- go raibh comhpháirtíocht ann ar feadh roinnt blianta roimh an imscrúdú (más amhlaidh a bhí, d'fhéadfá-sa agus do chéile nó do pháirtneír sibhialta ÁSPC Aicme S a íoc, má bhí ioncam agaibh ar luach €5,000 an duine in aghaidh na bliana ar a laghad), nó
- nach raibh comhpháirtíocht ann (más amhlaidh a bhí, d'fhéadfá achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh).

**Má tá sé mar chonclúid ag Oifigeach Breithiúnachta go raibh comhpháirtíocht ann agus go raibh d'ioncam féin nó ioncam do chéile nó do pháirtneára sibhialta ón gcomhpháirtíocht níos ísle ná €5,000 in aon bhliain amháin roimhe sin, ní íocfaidh tú féin ná do chéile/do pháirtneír sibhialta ÁSPC le haghaidh na bliana sin. Ní chuirfear na blianta seo san áireamh ansin le haghaidh teidlíocht phinsin.**

**Má tá sé mar chonclúid ag Oifigeach Breithiúnachta go raibh comhpháirtíocht ann agus nár íocadh go leor ÁSPC, is gá duit aon easnamh a íoc leis an Roinn seo, sular féidir linn measúnú a dhéanamh ar aon iarratas ar shochar nó ar pinsean leasa shóisialaigh.**

**TÁBHACHTACH:** Is próiseas ar leith é iarratas ar shochar nó pinsean ar bith i gcomparáid le hiarratas ar stádas comhpháirtíochta tráchtála. Tar éis do chinneadh fabhrach comhpháirtíochta a bheith déanta, ní mór do dhuine aon ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh gan íoc a íoc maidir leis an líon bainteach blianta. Ach ní ráthaíocht ar theidlíocht sochair nó phinsin ar bith é seo, ós rud é gur gá d'iarratasóirí na critéir cháilitheachta bhainteacha go léir a shásamh le haghaidh na scéime ar mhaithe le cáiliú.

**Ba chóir duit a thabhairt do d'aire go háirithe maidir leis an bPinsean Stáit (Ranníocach), go gcaithfidh ranníocaíochtaí féinhostaíochta bliana amháin ar a laghad a bheith íochta roimh 66ú breithlá an iarratasóra, agus caithfidh gach ranníocaíocht atá íochta ag an iarratasóir a bheith íochta.**

**Cinnfear d'iarratas sochair nó pinsin i bhfianaise do thaifead ranníocaíochtaí. Ba chóir duit na coinníollacha cáilitheachta iomláine maidir le sochair agus pinsin a sheiceáil ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).**

## 9. Céard a tharlóidh má tá mé ag iarraidh achomharc a dhéanamh ar chinneadh faoi stádas comhpháirtíochta?

Más mian leat cinneadh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a achomharc, déan teagmháil leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh, rud ar comhlacht neamhspleách é a éistean le hachomhairc leasa shóisialaigh. Is féidir achomharc breise a dhéanamh faoina cinntí siúd chuig an Ard-Chúirt, ar phointe dlí.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ag [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Má tá tú ag iarraidh achomharc a dhéanamh faoi chinneadh a rinne na Coimisinéirí loncaim, téigh i dteagmháil le hOifig na gCoimisinéirí Achomharc, rud ar comhlacht neamhspleách é a bhíonn ag éisteacht le hachomhairc chánach. Is féidir leat achomharc a dhéanamh faoi mheasúnú a rinne na Coimisinéirí loncaim, tar éis na bliana cánach a bhí i gceist. Is féidir achomharc a dhéanamh faoi chinntí a rinne na Coimisinéirí Achomharc, chuig na cúirteanna.

## 10. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá aon cheisteanna agat faoin treoir seo, nó má tá tú éiginnte go fóill an raibh tú i gcomhpháirtíocht (**tar éis duit comhairle ghairmiúil a fháil**), ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Rannóg Scóipe na Roinne Coimirce Sóisialaí, nó le d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcásanna go bhfuil amhras ann go fóill, féachfaidh Oifigeach Breithiúnachta ón Rannóg Scóipe nó ó d'Oifig Ioncaim ar fhíríic do cháis agus cuirfidh sé/sí comhairle ort faoi do stádas.

### An Rannóg Scóipe

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Teach Oisín  
212-213 Sráid an Phiarsaigh  
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 673 2585  
Facs: (01) 673 2460  
Ríomhphost: **scope@welfare.ie**  
Idirlíon: **www.welfare.ie**

Oifig Áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim - sonraí ar fáil ag [www.revenue.ie/ga/contact/index.html](http://www.revenue.ie/ga/contact/index.html)

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Seol téacs chuig **51909** (féach na sonraí ar Leathanach 13).
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil de chuid Intreo, Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

### Tabhair do d'aire

**D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**

## Obair le do chéile nó do pháirtneír sibhialta: an tionchar a bhíonn aici ar do ranníocaíochtaí agus teidlíochtaí leasa shóisialaigh

Más mian leat foirmeacha a iarraidh, seol an cód foirme trí théacs, chomh maith le d'ainm agus do sheoladh go dtí 51909 (ó Phoblacht na hÉireann amháin). Bíonn gnáthrátaí téacs i gceist.

Mar shampla, má theastaíonn uait foirm an Liúntais Cúramóra a iarraidh, seol an téacs seo a leanas - FORM CARA MÁIRE UÍ MHURCHÚ, 1 AN TSRÁID NUA, AN SEANBHAILE, CO. DHÚN NA NGALL.

<b>Íocaíocht nó scéim leasa shóisialaigh</b>	<b>Cód foirme</b>
<b>Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua</b>	<b>FORM BTSCFA</b>
<b>Liúntas Cúramóra</b>	<b>FORM CARA</b>
<b>Sochar Cúramóra</b>	<b>FORM CARB</b>
<b>Sochar Linbh (Foirm CB1)</b>	<b>FORM CHILD</b>
<b>Liúntas Míchumais</b>	<b>FORM DA</b>
<b>Liúntas Cúram Baile</b>	<b>FORM DCA</b>
<b>Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh</b>	<b>FORM FIS</b>
<b>Saorthaisteal</b>	<b>FORM TRAVEL</b>
<b>Liúntas Breosla</b>	<b>FORM FUEL</b>
<b>Sochair Teaghlaigh</b>	<b>FORM HHB</b>
<b>Pinsean Easláine</b>	<b>FORM INV</b>
<b>Méadú do Mhaireachtáil Aonair</b>	<b>FORM LAA</b>
<b>Sochar Máithreachais</b>	<b>FORM MAT</b>
<b>Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora</b>	<b>FORM OPFP</b>
<b>Deontas Cúram Faoisimh</b>	<b>FORM RCG</b>
<b>Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)</b>	<b>FORM SPNC</b>
<b>Pinsean Stáit (Ranníocach)</b>	<b>FORM SPC</b>
<b>Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh</b>	<b>FORM WCP</b>
<b>Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh</b>	<b>FORM WNCP</b>

## Leabhráin úsáideacha eile

**Cód Cleachtais do dheimhniú Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta ag Daoine ar Leith**

**Treoir ar Ranníocaíochtaí Deonacha SW 8**

**Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta**

**Mharthanaigh SW 25**

**Pinsean Easláine SW 44**

**Sochar Cúramóra SW 49**

**Éisteachtaí Achomharc na hOifige**

**Achomhairc Leasa Shóisialaigh SW 53**

**Éisteachtaí Achomharc Tús Eolais SW 56**

**Fostaíochtaí Teaghlaigh agus ÁSPC SW 102**

**Pinsean Stáit (Eatramhach)**

**Pinsean Stáit (Ranníocach) SW 118**

**Sochar Breoiteachta SW 119**

# Citizens Information

Is comhlacht reachtúil é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a thacaíonn le soláthar eolais, comhairle, agus abhcóideachta don phobal ar réimse leathan na seirbhísí sóisialacha agus sibhialta. Cuireann sé suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

[www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9rn-9in)

Ionaid Áitiúla (féach na Leathanaigh Órga)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 ionad ar fud na tíre. Tá sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh is gaire duit liostaithe sna Leathanaigh Órga.